

**An tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine**

**Plean Straitéiseach**

**2014 - 2017**

## CLÁR NA nÁBHAR

	Leathanach
Brollach le Cathaoirleach an Údaráis	3
Réamhrá leis an bPríomhfheidhmeannach	5
Ról an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine	6
Gnóthachtálacha an Údaráis óna Bhunú	
Misean	8
Spriocanna	9
Tosca Ratha Ríthábhachtacha	9

### **Spriocanna, Straitéisí & Táscairí Feidhmíochta**

<b>SPRIOC 1:</b> Córas cuimsitheach ceadúnaithe a oibriú do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine,	10
<b>SPRIOC 2:</b> Córas imscrúdaithe agus breithnithe caighdeán a choimeád maidir le seachadadh seirbhísí maoine,	12
<b>SPRIOC 3:</b> Feasacht an phobail maidir leis an Údarás a chur chun cinn,	14
<b>SPRIOC 4:</b> Cláir Phoiblí a choimeád,	16
<b>SPRIOC 5:</b> A bheith éifeachtach in úsáid acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicniúla, agus	17
<b>SPRIOC 6:</b> A chinntiú go bhfuil beartais, struchtúir agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm.	18

---

# RÉAMHRA LEIS AN GCATHAOIRLEACH

Is é seo an Chéad Phlean Straitéiseach de chuid an Údaráis Rialála Seirbhísí Maoine Cumhdaítear an tréimhse 2014 go dtí 2017 ann agus leagtar amach na príomhcheisteanna atá le plé ag an Údarás thar an tréimhse ann. Plean uailmhianach atá ann ina ndírítear ar chreat rialála láidir a chur i bhfeidhm don tionscal seirbhísí maoine agus táimse, mar aon le comhaltaí eile de chuid an Údaráis, tiomanta do é a sheachadadh.

Bunaíodh an tÚdarás an 3 Aibreán 2012, faoi Alt 9 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil), 2011. Rinne an Rialtas an cinneadh an tÚdarás a bhunú de bharr molta a rinne an *Grúpa Athbhreithnithe Ceantálaíochta/Gníomhaireacht Eastáit*”, a bhunaigh an tAire Dlí agus Cirt agus Comhionannas agus Athchóirithe Dlí a bhí ann ag an am sin i mí Iúil 2004.

Chun dul i ngleic le heasnaimh sna seirbhísí maoine, mhol an Grúpa Athbhreithnithe -

- Údarás Rialála a bhunú chun taca a chur faoi shocruithe creata úir san earnáil cheantálaíochta ina ndíreofar ar chomhionannas agus ar thrédhearcacht a bhaint amach i gceadúnú, rialáil agus soláthar faisnéise.;
- forálacha níos doichte maidir le hinniúlacht soláthraithe seirbhísí ceantálaíochta/gníomhaireacht eastáit, ligean maoine agus bainistíochta maoine
- nósanna imeachta úra maidir le monatóireacht agus iniúchadh chun tacú leis an gcóras ceadúnaithe
- cód eitice agus cosaint do sholáthraithe seirbhíse a chur chun cinn
- córas um ghearáin agus um shásamh a chur i bhfeidhm
- cosaint níos fearr d’airgead cliant a sholáthar.

Déantar foráil sa reachtaíocht úr don Údarás chun rialú agus maoirseacht a dhéanamh ar gach Soláthraí Seirbhísí Maoine (PSP) - (.i. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta) agus déantar foráil inti i leith creat rialála go hiomlán úr a thabhairt isteach.

Dírítear sa phlean straitéiseach ar an méid seo a leanas:

- tuilleadh feabhais a chur ar na struchtúir eagrúcháin, na córais, na nósanna imeachta, na prótacail, na rialacha agus na rialacháin a bunaíodh ó chuir an tÚdarás tús lena chuid oibre agus atá ríthábhachtach do fheidhmiú fadtéarmach an Údaráis, agus
- a chinntiú go leanfar de chreat rialála láidir a chur i bhfeidhm sa tionscal.

Tá muinín agam go bhfuil an fhís agus an tiomantas ag an Údarás agus ag a fhoireann chun dul i ngleic leis na dúshláin seo agus níos mó comhionannais agus trédhearcachta a bhaint amach i gceadúnú, rialáil agus rialú PSPanna agus i soláthar faisnéise do chustaiméirí.

**Geraldine Clarke,  
Cathaoirleach**

# RÉAMHRÁ LEIS AN BPRÍOMHFHEIDHMEANNACH

Tugann sé pléisiúr dom an Ráiteas Straitéise seo a thabhairt isteach. De réir Alt 17 den Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011 ceanglaítear ar an Údarás Rialála Seirbhísí Maoine plan straitéiseach a ullmhú agus a chur isteach ag an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais gach trí bliana.

Cumhdaítear an tréimhse an 1 Meán Fómhair 2014 go dtí an 31 Lúnasa 2017 sa Phlean Straitéiseach arna ullmhú ag an Údarás. Tugtar breac-chuntas sa straitéis ar an dóigh a seachadfaidh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine a fheidhm reachtúil agus an dóigh a dtabharfaidh sé aghaidh ar na dúshláin sa timpeallacht seirbhísí maoine thar an tréimhse trí bliana.

Leagtar amach sa Ráiteas seo cad ba mhaith linn a bhaint amach agus an dóigh a bhfuil sé beartaithe againn, mar eagraíocht, ár spriocanna a seachadadh. Dá bhrí sin, is é seo an príomhdhoiciméad as a mbainfear pleanáil ghnó, bainistíocht feidhmíochta agus forbairt na heagraíochta. Déanfar ár rath thar thréimhse thrí bliana an phlean a thomhas i gcoinne na spriocanna atá leagtha amach sa Ráiteas seo.

Beidh infhaighteacht na n-acmhainní airgeadais agus soláthair foirne araon ina príomh-chomhpháirt maidir le seachadadh an phlean. Beidh inniúlacht agus tiomantas na foirne go léir ar fud na heagraíochta ríthábhachtach chun na dúshláin atá as ár gcomhair a chomhlíonadh. Beidh cur chuige um chomhpháirtíocht láidir lena bpáirtithe leasmhara uile fíorthábhachtach dár rath chomh maith. Táim ag tnúth le hoibriú le mo chuid comhghleacaithe agus lenár bpáirtithe leasmhara go léir sa tréimhse romhainn.

**Tom Lynch**  
**Príomhfheidhmeannach**

# RÓL AN ÚDARÁIS

Bunaíodh an tÚdarás Rialála Seirbhísí Maoine (“an tÚdarás”) an 3 Aibreán 2012, faoin Acht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011. Tá príomhfheidhmeanna reachtúla an Údaráis leagtha amach san Acht agus áirítear orthu:

- Rialú, maoirsiú agus rialáil a dhéanamh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (.i. Ceantálaithe/Gníomhairí Eastáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta);
- Córas cuimsitheach ceadúnaithe a oibriú a chuimsíonn gach Soláthraí Seirbhísí Maoine;
- An méid a leanas a shonrú agus a chur i bhfeidhm:-
  - caighdeáin do dheonú ceadúnas do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine (m.sh. caighdeáin oideachais/oiliúna; leibhéal árachas gairmiúil slánaíochta), agus;
  - caighdeáin a bhfuil meas le léiriú orthu agus seirbhísí maoine á soláthar ag Soláthraithe Seirbhísí Maoine (m.sh. caighdeáin theicniúla; caighdeáin oiriúnacha eiticiúla);
- Córas imscrúdaithe agus breithnithe gearán a bhunú agus a riar in éadan Soláthraithe Seirbhísí Maoine;
- Córas imscrúdaithe agus caighdeánach a bhunú i leith soláthar Seirbhísí Maoine;
- Smachtbhannaí a fhorchuireadh ar Sholáthraithe Seirbhísí Maoine mar gheall ar iompar míchuí (lena n-áirítear fíneálacha suas le €250,000 agus cúlghairm ceadúnais);
- Cosaint mhéadaithe tomhaltóirí agus feasacht mhéadaithe phoiblí ar sheirbhísí maoine go ginearálta a chur chun cinn;
- Ciste Cúitimh a bhunú, a choimeád agus a riar chun cúiteamh a sholáthar do pháirtithe a chailleann airgead mar iarmhairt dhíreach ar mhí-ionracas Soláthraí Seirbhísí Maoine;
- Cóid Chleachtais a Fhorbairt do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine;
- Clár Poiblí na bPraghsanna Díolalacháin Mhaoine a bhunú agus a choimeád;
- Bunachar Sonraí Léasanna Tráchtála a bhunú agus a choimeád;

- Clár Poiblí na Soláthróirí Ceadúnaithe Seirbhísí Maoine a bhunú agus a choimeád;
  - Gníomhú mar Údarás Inniúil Stáit le haghaidh Sciúradh Airgid;
  - Cabhrú leis an Aire i bhforbairt beartais a bhaineann le rialáil an Tionscail Seirbhísí Maoine;
  - Tabhairt faoi thionscadail taighde nó iad a choimisiúnú.
-

# GNÓTHACHTÁLACHA AN ÚDARÁIS ÓNA BHUNÚ

Bunaíodh an tÚdarás an 3 Aibreán 2012. Sa dhá bhliain óna bhunú rinne an tÚdarás an méid seo a leanas:

- Córas cuimsitheach ceadúnaithe a thabhairt isteach ina gcumhdaítear gach Soláthraí Seirbhísí Maoine le héifeacht ón 6 Iúil 2012 agus ina bpróiseáiltear os cionn 5,000 iarratas ar cheadúnas agus ar athnuachan gach bliain;
- Raon leathan rialachán a dhréachtú agus a thabhairt isteach, is iad sin
  - Na Rialacháin um Cheadúnú 2012 (I.R. Uimh. 180 de 2012) - Chun foráil a dhéanamh d'aicmí éagsúla ceadúnais agus rialacha maidir le ceadúnais a dheonú
  - Na Rialacháin um Cháilíochtaí 2012 (I.R. Uimh. 181 de 2012) - Chun na híoscháilíochtaí agus an íostaithí a theastaíonn chun Ceadúnas Soláthraí Seirbhísí Maoine a fháil a shonrú.
  - Na Rialacháin um Árachas Gairmiúil Slánaíochta (I.R. Uimh. 182 de 2012) - Chun na téarmaí faoina bhfuil slánaíocht i gcoinne cailteanas le soláthar do na cheadúnaithe faoi bheartas árachas slánaíochta a shonrú.
  - Na Rialacháin um Chiste Cúitimh 2012 (I.R. Uimh. 183 de 2012) - Chun soláthar a dhéanamh do bhunú Ciste Cúitimh PSRA, an leibhéal ranníocaíochtaí leis an gCiste agus na rialacha lena rialaítear íocaíocht an chúitimh.
  - Na Rialacháin um Chuntais Cliant 2012 (I.R. Uimh 199 de 2012) - Soláthar a dhéanamh i leith rialacha reachtúla maidir le coinneáil agus caomhnú cuntais cliant.
- Córas le haghaidh imscrúdú agus breithniú a dhéanamh ar ghearáin in éadan Soláthraithe Seirbhísí Maoinea bhunú;
- An Ciste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine a bhunú;
- Bhunaigh agus foilsigh sé
  - An Clár Praghsanna ar Mhaoín Chónaithe.
  - Clár na Léasanna Tráchtála;
  - Clár Poiblí na gCeadúnaithe;



- Foilsigh sé *“Guide to becoming a Licensed Property Services Provider”*
- Foilsigh sé *“Guide for Users of Property Services Providers in Ireland”*

# FÍS AND LUACHANNA

## MISEAN

Is é misean an Údaráis Ceantálaithe, Gníomhairí Stáit, Gníomhairí Ligin agus Gníomhairí Bainistíochta a rialú agus a mairsiú agus leasanna an phobail ina n-idirghníomhaíocht leo a chosaint trína chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeáin agus na seirbhísí maoinne a sheachadadh.

## LUACHANNA

### **Leas an Phobail**

Tá an tÚdarás tiomanta dá fheidhmeanna a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail.

### **Dea-Rialachas agus Luach ar Airgead**

Tá na tÚdarás tiomanta d'ardchaighdeáin rialachais agus ionracais a chomhlíonadh, agus dul i mbun a chuid gnó ar mhodh éifeachtach agus cost-éifeachtúil.

### **Comhairliúchán**

Tá an tÚdarás tiomanta do bheith rannpháirteach lena pháirtithe leasmhara i bhforbairt agus seachadadh leanúnach a sheirbhísí.

### **Tiomantas don Fhoireann**

Tá an tÚdarás tiomanta do thacaíocht a tabhairt dá fhoireann maidir lenár spriocanna straitéiseacha a sheachadadh agus maidir le gairmeacha sásúla a fhorbairt laistigh den eagraíocht.

---

## SPRIOCANNA

Ghlac an tÚdarás leis na príomhchuspóirí seo a leanas -

**SPRIOC 1:**Córas cuimsitheach ceadúnaithe a choimeád do Sholáthraithe Seirbhísí Maoine,

**SPRIOC 2:**Córas imscrúdaithe agus breithnithe caighdeán a choimeád maidir le seachadadh seirbhísí maoine,

**SPRIOC 3:**Feasacht an phobail maidir leis an Údarás a chur chun cinn,

**SPRIOC 4:**Cláir Phoiblí a choimeád,

**SPRIOC 5:**A bheith éifeachtach in úsáid acmhainní daonna, airgeadais, bainistíochta agus teicniúla, agus

**SPRIOC 6:**A chinntiú go bhfuil beartais, struchtúir agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm.

## TOSCA RATHA RÍTHÁBHACHTACHA

Léiríonn na straitéisí atá leagtha amach sa Phlean Straitéiseach seo clár uailmhianach, comhtháite agus forleathan oibre a bhainfear amach thar a shaolré. Tá Tosca Ratha Ríthábhachtacha inmheánacha agus seachtracha ann a bheidh tionchar mór acu ar chumas an Údaráis an Plean seo a sheachadadh. Áirítear orthu sin:

- Acmhainní cuí foirne agus airgeadais lena chur ar an Údaráis a chuspóirí a chomhlíonadh,
  - Córais TF iontaofa,
  - Reachtaíocht chúí cothrom le dáta,
  - Comhoibriú leanúnach le gach páirtí leasmhara.
-

# **SPRIOC 1: CÓRAS CUIMSITHEACH CEADÚNAITHE A CHOIMEÁD DO SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSÍ MAOINE**

## **Tráchttaireacht**

Déantar foráil san Acht go mbunóidh agus go riarfaidh an tÚdarás córas ceadúnaithe do sholáthraithe seirbhísí maoinne. Tá córas ceadúnaithe úr bunaithe cheana ag an Údarás de réir fhorálacha an Achta agus tá Soláthraithe Seirbhísí Maoine á gceadúnú aige ó bhí an 6 Iúil 2012 ann.

## **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- Na Rialacháin Reachtúla a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta ina sainítear:
  - na haicmí éagsúla ceadúnais a d'fhéadfadh an tÚdarás a dheonú trí thagairt do na seirbhísí maoinne arna sainiú san Acht.
  - na híoscháilíochtaí agus an íostaithí a theastaíonn chun Ceadúnas Soláthraí Seirbhísí Maoine a fháil.
  - na téarmaí faoina bhfuil slánaíocht i gcoinne caillteanas le cur ar fáil do na ceadúnaithe faoi bheartas árachas slánaíochta.
  - an leibhéal ranníocaíochta atá le híoc isteach sa Chiste Cúitimh um Sheirbhísí Maoine.
  - na rialacha maidir le coinneáil agus caomhnú cuntais cliant.
- An bunachar sonraí um cheadúnú a choinneáil go hiomlán cothrom le dáta.
- Idirchaidreamh leis na Soláthraithe Seirbhísí Maoine lena chinntiú go bhfuil siad iomlán taithíoch ar na ceanglais um cheadúnú.
- Iarratais ar cheadúnais a mheasúnú agus a chinneadh trí thagairt do na ceanglais reachtúla.
- Clár Poiblí na ndaoine atá Ceadúnaithe ag an Údarás a choimeád agus a choinneáil cothrom le dáta.
- Ceadúnais úra agus athnuachan bliantúil a eisiúint.
- Scéim a fhorbairt maidir le forbairt ghairmiúil leanúnach.

## **Táscairí Feidhmíochta:**

- Leibhéal na n-iarratas ar cheadúnais úra a phróiseáiltear go bliantúil,
- Leibhéal na hathnuachana ceadúnais a phróiseáiltear go bliantúil,
- An fad ama a ghlacann sé le hiarratais ar cheadúnas a phróiseáil,

- Leibhéal na n-imscrúduithe maidir le daoine neamhceadúnaithe atá bainteach le soláthar seirbhísí maoine.

## **SPRIOC 2: CÓRAS IMSCRÚDAITHE AGUS BREITHNITHE CAIGHDEÁN A CHOIMEÁD MAIDIR LE SOLÁTHAR SEIRBHÍSÍ MAOINE**

### **Tráchttaireacht:**

Déantar foráil san Acht go ndéanfaidh an tÚdarás imscrúdú

- ar ghearáin a rinneadh i gcoinn soláthraithe seirbhísí maoine ceadúnaithe
- ar ghearáin faoin soláthar seirbhísí maoine neamhúdaráithe, agus
- comhlíonadh ceadúnaithe maidir leis na forálacha reachtúla.

Beag beann ar nádúr an imscrúdaithe ceanglaítear ar an Údarás reachtúil cigire a cheapadh chun an t-imscrúdú a dhéanamh. Is mar a gcéanna iad cumhachtaí na n-imscrúdaitheoirí agus na rialacha reachtúla faoina rialaítear cur i gcrích na n-imscrúduithe beag beann ar nádúr an imscrúdaithe.

### **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- Bunachar sonraí a choimeád chun taifeadadh a dhéanamh
  - Ar chineál an ghearáin
  - Ar shonraí an ghearánaí,
  - Sonraí na gCeadúnaithe a bhfuil an gearán á dhéanamh ina gcoinne,
  - an chumarsáid uile idir an tÚdarás agus na páirtithe sa ghearán,
  - sonraí maidir leis na himscrúduithe ar fad a thionscain an tÚdarás faoina thoil féin, lena n-áirítear sonraí daoine a bhfuil imscrúdú á dhéanamh orthu agus an comhfhreagras ar fad idir an tÚdarás agus na daoine sin.
- Cigireacht a choimeád chun imscrúduithe agus iniúchtaí ar chomhlíonadh a dhéanamh,
- Nósanna imeachta imscrúdaithe mionsonraithe agus cothrom le dáta a choimeád lena n-úsáid ag Cigirí le haghaidh faisnéis phoiblí,

- Treoirlínte a fhorbairt maidir leis na smachtbhannaí a fhéadfaidh a fhorchur ar cheadúnaithe atá bainteach in iompar míchuí,
- Nósanna imeachta a fhorbairt chun iarratais a dhéanamh leis na Ard-Chúirt chun mórsmachtbhannaí a fhorchuirfeadh an tÚdarás a dhearbhú,
- Daoine neamhcheadúnaithe a ionchúiseamh,
- Cód Cleachtais do sholáthraithe seirbhíse a fhoilsiú.

### **Táscairí Feidhmíochta:**

- Líon agus cineál na ngearán a fuarthas agus a próiseáladh,
- Líon na cineál na nImscrúduithe a rinne an tÚdarás faoin thoilíú féin,
- Leibhéal na n-iniúchtaí ar chomhlíonadh a rinneadh le linn na bliana,
- An fad ama a ghlacann sé chun freagairt tosaigh ar ghearáin,
- An fad ama a ghlacann sé le hiarratais ar cheadúnas a phróiseáil,
- Leibhéal agus cineál na n-achomharc a rinneadh leis an mBord Achomhairc i gcoinne chinntí an Údaráis agus a dtorthaí,
- Leibhéal agus cineál na n-achomharc a rinneadh leis an Ard-Chúirt i gcoinne chinntí an Údaráis agus a dtorthaí.
- Cód Cleachtais do sholáthraithe seirbhíse a chur i bhfeidhm.

## **SPRIOC 3: FEASACHT AN PHOBAL MAIDIR LEIS AN ÚDARÁS A CHUR CHUN CINN**

### **Tráchtairacht:**

Is í príomhghné de chuid fhreagracht an Údaráis a chinntiú, ar mhaithe le tomhaltóirí agus leis an tionscal seirbhísí maoinne araon, go ndéanfar faisnéis maidir le feidhmeanna agus freagrachtaí an Údaráis a scaipeadh go forleathan.

### **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- Teagmháil le páirtithe leasmhara i bpróisis chomhairliúcháin fhoirmiúil agus trí sheisiúin mhionteagaisc agus oideachais.
- Doiciméid treorach a chur ar fáil don phobal agus don tionscal seirbhísí maoinne araon,
- Leanúint le feasacht a spreagadh laistigh den tionscal maidir leis an luach a bhaineann le hardchaighdeáin a choinneáil i seachadadh seirbhísí,
- Cion a chur le gach tuarascáil, suirbhé agus tagarmharcanna ábhartha,
- Páirt a ghlacadh i bhfeachtas fógraíochta,
- Dea-chaidreamh a fhorbairt leis na meáin chló, raidió agus teilifíse.

### **Táscairí Feidhmíochta:**

- An méid a bheith páirtithe leasmhara agus an tÚdarás rannpháirteach lena chéile sa phróiseas comhairliúcháin,
- Doiciméid treorach leasaithe a thabhairt isteach don phobal agus don tionscal seirbhísí maoinne,
- Méadú ar chaighdeáin maidir le soláthar seirbhísí maoinne,
- Méid chlúdach na meán,
- Laghdú sa leibhéal fiosruithe a fuarthas i dtaca le cearta tomhaltóirí.

## **SPRIOC 4: CLÁIR PHOIBLÍ A CHOIMEÁD**

### **Tráchttaireacht:**

Déantar foráil san Acht go mbunóidh an tÚdarás trí chlár phoiblí, is iad sin:

- Clár na Soláthraithe Seirbhísí Maoine Ceadúnaithe Soláthraítear sonraí iomlán sa chlár seo maidir leo siúd ar fad atá ceadúnaithe ag an Údarás lena n-áirítear ainm agus seoladh gnó na gceadúnaithe agus an chatagóir ceadúnas a deonaíodh,
- An Clár Praghsanna ar Mhaoin Chónaithe. Soláthraítear sonraí sa chlár maidir leis na praghsanna agus dáta díolacháin gach maoine cónaithe a díoladh in Éirinn ó bhí an 1 Eanáir 2010 ann agus
- Clár na Léasanna Tráchtála. Soláthraítear sonraí sa chlár seo maidir leis na léasanna tráchtála uile a ndeachthas isteach iontu in Éirinn ó bhí an 1 Eanáir 2010. Soláthraítear sonraí an-sonracha ann fosta maidir le léasanna a ndeachthas isteach iontu i ndiaidh an 3 Aibreán 2012.

### **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- Sonraí maidir le gach duine atá ceadúnaithe ag an Údarás a bhaint as a bhunachar sonraí ceadúnaithe agus an fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis.
- An comhaontú leis na Coimisinéirí Ioncaim a choinneáil cothrom le dáta maidir le baint na bpríomhdhíolachán cónaithe agus faisnéis ar léasanna tráchtála óna bhunachar sonraí R-Stampála.
- Sonraí sa chlár seo maidir leis na Díolachán Maoine Cónaithe agus na Léasanna Tráchtála uile a ndeachthas isteach iontu in Éirinn ó bhí an 1 Eanáir 2010.
- Sonraí maidir le Díolacháin Maoine Cónaithe agus Léasanna Tráchtála a bhaint as a bhunachar sonraí agus an fhaisnéis a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an Údaráis,
- Na trí Chlár Phoiblí a thabhairt cothrom le dáta ar bhonn seachtainiúil.

### **Táscairí Feidhmíochta:**



- Líon na n-idirbheart ar na gClár,
- Líon na gcuairteanna/iniúchtaí ar an gClár ag baill an phobail,
- Leibhéal na ngearán i ndáil le neamhchruinneas na faisnéise ar Chláir,
- An cumas Cláir Phoiblí a choimeád go hiomlán cothrom le dáta.

## **SPRIOC 5: A BHEITH ÉIFEACTACH IN ÚSÁID ACMHAINNÍ DAONNA, AIRGEADAIS, BAINISTÍOCHTA AGUS TEICNIÚLA.**

### **Tráchttaireacht:**

Is timpeallacht í ina n-oibríonn an tÚdarás agus tá sí ag athrú de shíor. Tá sé riachtanach dá réir sin a chinntiú go bhfuil na hacmhainní ag an eagraíocht chun freastal ar na éilimh sin atá ag athrú. Agus breathnú á dhéanamh ar na hacmhainní atá ar fáil don Údarás agus ar a leorgacht, ní mór meas a thabhairt, *inter alia*, ar na himpleachtaí a eascraíonn ó fhorbairtí beartas soláthair foirne agus leithdháileadh buiséid na hEarnála Poiblí. Beidh fócas ar struchtúir eagrúcháin eile de dhíth don timpeallacht seo atá ag athrú lena chur ar chumas an Údaráis freagracht imleor a thabhairt ar a oibleagáidí reachtúla.

### **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- Athbhreithniú tréimhsiúla ar a struchtúr eagrúcháin, lena chinntiú go bhfuil sé cuí chun a spriocanna a bhaint amach,
- Nósanna imeachta cuí a fhorbairt chun cuid áirithe d'obair an Údaráis a sheachfhoinsiú,
- Leanúint le hathbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal soláthair foirne ar an iomlán ag féachaint do spriocanna an Chreata Rialaithe Fostaíochta (ECF) arna leagan amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.
- Straitéisí Acmhainní a chur i bhfeidhm i gcomhair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
- An Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a oibriú go gníomhach i mbainistíocht agus i bhforbairt foirne,
- Sineirgí a fhorbairt, a choimeád, a leathnú lenár gComhlachtaí Rialtais eile ag féachaint le próisis a chuífhoiriú,
- Leanúint le hathbhreithniú ar cheanglais airgeadais an Údaráis agus ar an leibhéal ceadúnais agus táillí eile,
- Athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a riachtanais TF,
- Seachadadh na seirbhísí ar líne do chustaiméirí a leathnú de réir mar is cuí,
- Féachaint le feabhas a chur go seasmhach ar a éifeachtacht maidir le déileáil le ceadúnaithe.

### **Táscairí Feidhmíochta:**

- Solúbacht foirne i seachadadh seirbhísí,
- Cur i bhfeidhm leanúnach den PMDS agus den bhainistíocht,
- Seachadadh cláir chuí um fhoghlaim agus um fhorbairt,
- Tuarascála sásúla ón An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste
- Tuarascálacha sásúla ón Aonad Iniúchta Inmheánaigh,
- Athbheithniú tréimhsiúil a dhéanamh ar a riachtanais TF,
- Éifeachtúlacht seirbhísí comhroinnte sna réimsí Airgeadais, TF, agus Acmhainní Daonna,
- Am próiseála na n-iarratas ar cheadúnais,
- Amlínte le haghaidh gearáin a láimhseáil,
- An t-am a ghlac sé do cheadúnaithe an chéad iarratas a dhéanamh agus a gceadúnais a athnuachan,
- Costas na gceadúnais.

## **SPRIOC 6: A CHINNTIÚ GO BHFUIL BEARTAIS, STRUCHTÚIR AGUS NÓSANNA IMEACHTA CUÍ I BHFEIDHM**

### **Tráchttaireacht:**

Tá creat rialachais chorparáidigh an Údaráis rialaithe ag an méid seo a leanas:

- An tAcht um Sheirbhísí Maoine (Rialáil) 2011
- Tugtar aitheantas i Nósanna Imeachta Poiblí atá eisithe ag an Roinn Airgeadais, agus
- an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (Bealtaine 2009).

Tá comhfhreagracht ag comhaltaí an Údaráis as treoir straitéiseach a chur ar fáil don Údarás i rialú agus maoirsiú duine atá ceadúnaithe ag an Údarás chun seirbhísí maoine a sholáthar, cibé an bhfuil nó nach bhfuil siad ceadúnaithe ag an tÚdarás, agus i gcoimeád na gcaighdeán um sheirbhísí dá leithéidí. Tugann siad breithiúnas neamhspleách maidir le ceistanna um straitéis, feidhmíocht, acmhainní agus caighdeáin. Tá an tÚdarás freagrach as cloí leis na hoibleagáidí reachtúla is infheidhme ar fad.

Tá a Príomhfheidhmeannach freagrach as:

- beartais agus cinntí an Údaráis a chur i bhfeidhm,
- foireann, riarachán agus gnó an Údaráis a bhainistiú agus a rialú go ginearálta,
- tuarascálacha agus faisnéis a ullmhú le cur faoi bhráid an Údaráis ag a chruinnithe, agus
- comhlíonadh feidhmeanna eile dá leithéidí a tharmligfeadh an tÚdarás.

### **Straitéisí:**

Déanfaidh an tÚdarás:

- A chinntiú go bhfuil socruithe rialachais cuí i bhfeidhm chun tacú leis spriocanna an Údaráis a bhaint amach,
- Maoirseacht ar an bpróiseas an Plean Straitéiseach a dhréachtú agus a chur i bhfeidhm,
- Maoirseacht ar ullmhú tuarascála bliantúla lena cur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais,
- A chinntiú go bhfuil rialú airgeadais cuí agus socruithe tuairiscithe cuí i bhfeidhm,

- Na feidhmeanna sin a measann an tÚdarás iad a bheith cuí ó am go chéile a tharmligean chuig na bPríomhfheidhmeanna,
- Athbhreithniú ar bheartais agus ar nósanna imeachta ábhartha agus athruithe cuí ar bith a chur i bhfeidhm.

**Táscairí Feidhmíochta:**

- Athbhreithniú bliantúil ar shocruithe rialachais,
- Tuarascálacha sásúla ón Aonad Iniúchta Immheánaigh agus ón Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste,
- Tá torthaí caiteachas reatha agus caipitil ailínithe le spriocanna agus próifílí bliantúla,
- Cuirtear tuarascálacha bainistíochta tráthúla agus ábhartha ar fáil don Údarás agus cumasaíonn sé sin cinnteoireacht eolasach,
- Cloí le forálacha ábhartha na gcód iompair/cleachtais ábhartha.